An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Imlitir 0059/2019**

**Chuig: Údaráis Bhainstíochta Bunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Scéim Phíolótach um Phainéal Soláthair Bunscoileanna don Scoilbhliain 2019/2020

## 1. Réamhrá

1.1. Is é an cuspóir don Scéim Phíolótach um Phainéal Soláthair Bunscoileanna (an "Scéim") ná clúdach ionadaíochta a sholáthar do mhúinteoirí atá fostaithe i mbunscoileanna aitheanta agus atá as láthair ar neamhláithreacht ghearrthéarma, ina bhfuil an neamhláithreacht incheadaithe don ionadaíocht de réir foilseachán na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## 2. Sainmhínithe

2.1. Ar mhaithe leis an Scéim, is iad seo na míniúcháin ag na téarmaí a leanas, ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

**Cáilithe go cuí** – ciallaíonn go bhfuil cáilíochtaí ag an múinteoir a oireann don phost agus go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil ina bhfuil sé i gceist é/í a fhostú.

**Scoil bhunáite** – ciallaíonn scoil i mbraisle ainmnithe ar a mbronntar na poist múinteoirí don phainéal soláthair, agus a dhéanann ina dhiaidh sin na múinteoirí ar an bpainéal soláthair a dháileadh ar scoileanna glactha sa bhraisle. Déanann an scoil bhunáite an Scéim i gcoitinne a bhainistiú.

**Braisle ainmnithe** – ciallaíonn grúpa scoileanna ainmnithe, an scoil bhunáite san áireamh, braislithe ar mhaithe leis an Scéim..

**Fostóir –** ciallaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do Phobalscoileanna Náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (seachas Pobalscoileanna Náisiúnta). Is féidir leis an mBord Bainistíochta/Bainisteoir/BOO freagracht do ghnóthaí atá san Imlitir seo a tharmligean, de réir mar a oireann.

**BOO** – ciallaíonn sin Bord Oideachais agus Oiliúna.

**Scoil ghlactha** – ciallaíonn scoil i mbraisle ainmnithe a ghlacann le seirbhísí múinteora ón bpainéal soláthair.

**Scoil aitheanta** – ciallíonn bunscoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Oideachais 1998.

**Neamhláithreachtaí gearrthéarma** – ciallaíonn neamhláithreachtaí suas go dtí 4 sheachtain as a chéile (28 lá).

**Tairseach um earcaíocht múinteoirí ionadaíochta** – ciallaíonn tairseach ar líne trínar féidir le scoileanna múinteoirí a aithint agus a earcú chun neamhláithreachtaí gearrthéarma a bhfúil ionadaíocht ceadaithe dóibh a chlúdach.

**Múinteoir painéal soláthair** – ciallaíonn múinteoir atá fostaithe ag scoil bhunáite/ BOO chun neamhláithreachtaí gearrthéarma a bhfuil ionadaíocht ceadaithe dóibh a chlúdach sa scoil bhunáite nó i scoileanna glactha nó, muna bhfuil a leithéid de neamhláithreachtaí i gceist, chun neamhláithreachtaí gearrthéarma a bhfuil ionadaíocht ceadaithe dóibh tríd an tairseach um earcaíocht múinteoirí ionadaíochta a chlúdach.

**Múinteoir** – ciallaíonn duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus fostaithe i bpost teagaisc faofa i mbunscoil aitheanta atá maoinithe ó chistí Oireachtais.

**An Roinn** – ciallaíonn An Roinn Oideachais agus Scileanna.

**3. Scéim Phíolótach**

3.1. Feidhmeoidh an Scéim ar bhonn píolótach don scoilbhliain 2019/20.

3.2. Beidh sé phainéal i bhfeidhm sna suíomhanna seo a leanas: Baile Átha Cliath (2 phainéal), Corcaigh, Gaillimh, Cill Dara agus An Mhí.

3.3. Beidh 2 nó 3 múinteoirí painéal soláthair fostaithe i ngach painéal soláthair.

3.4. Beidh an scoil bhunáite/BOO freagrach as bainistíocht fhoriomlán na Scéime i mbraisle ainmnithe, lena n-áirítear múinteoirí painéal soláthair a dháileadh ar scoileanna glactha.

**4. Ceapachán Múinteoirí Painéal Soláthair**

4.1. Caithfidh ceapaithe a bheith ina múinteoirí cláraithe le cáilíochtaí a oireann don earnáil agus atá oiriúnach don phost dá bhfuil siad fostaithe.

4.2. Déanfaidh an scoil bhunáite/BOO na múinteoirí painéal soláthair a cheapadh faoi chonradh téarma seasta, de réir imlitreacha earcaíochta ábhartha na Roinne.

4.3. Ba chóir poist do mhúinteoirí painéil sholáthair a líonadh de réir na socruithe ath-imlonnaithe atá foilsithe.

4.4. Ba chóir post don phainéal soláthair a fhógairt go leithligh ó fholúntais teagaisc eile sa scoil.

4.5. Nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh, ba chóir do scoileanna/BOO a bheith san airdeall go bhféadfaí múinteoirí painéal soláthair a leithdháileadh i raon suíomhanna lena n-áirítear rangleibhéil éagsúla, suíomhanna oideachas speisialta agus scoileanna lán-Ghaeilge.

4.6. Is í an scoil bhunáite/BOO a bheidh mar fhostóir ag an múinteoir painéal soláthair do thréimhse an chonartha.

4.7. Is poist theagaisc údaraithe a bheidh i bpoist mhúinteoirí painéal soláthair ar mhaithe le liúntas príomhoide agus teidlíocht scoile do phoist fhreagrachta a áireamh de réir na socruithe mar atá in Imlitreacha Roinne ábhartha.

**5. Soláthairtí Fostaíochta do Mhúinteoirí Painéal Soláthair.**

5.1. Beidh ar an múinteoir painéal soláthair clúdach ionadaíochta a sholáthar i ngach scoil sa bhraisle ainmnithe.

5.2. Má tharlaíonn ar aon lá ar leith nach mbíonn aon neamhláithreacht ionadaíochta ghearrthéarma i scoil bhunáite ná i scoileanna glactha an bhraisle ainmnithe, beidh ar an múinteoir painéal ainmnithe é / í féin a chur ar fáil chun neamhláithreachtaí gearrthéarma a chlúdach a eascraíonn ar an lá sin tríd an tairseach um earcaíocht

múinteoirí ionadaíochta. Ar an gcéad lá oibre eile, beidh tosaíocht ag scoileanna sa bhraisle ainmnithe.

5.3. Má tharlaíonn ar aon lá ar leith nach mbíonn aon neamhláithreacht ionadaíochta ghearrthéarma sa scoil bhunáite ná sna scoileanna glactha sa bhraisle ainmnithe ná tríd an tairseach um earcaíocht múinteoirí ionadaíochta, déanfar an múinteoir painéal fostaíochta a fhostú mar mhúinteoir acmhainne breise sa scoil bhunáite nó i scoil sa bhraisle ainmnithe.

5.4. Caithfidh an múinteoir painéal soláthair iarratais neamhláithreachta srl. a dhéanamh chuig an scoil bhunáite.

5.5. Má bhíonn múinteoir painéal soláthair as láthair ar neamhláithreacht a bhfuil ionadaíocht ceadaithe di, is féidir ionadaí a fhostú ina (h)áit.

5.6. Aontóidh an múinteoir painéal soláthair meas a léiriú ar éiteas agus cloí le polasaithe ábhartha gach scoile ina mbíonn sé/sí ag teagasc le linn tréimhse an chonartha.

5.7. Beidh seirbhís an mhúinteora painéal soláthair ináirithe i dtreo Chonradh Tréimhse Éiginnte a bhronnadh de réir imlitreacha ábhartha na Roinne.

## 6. Speansais Taistil

6.1. Íocfar speansais taistil leis an múinteoir painéal soláthair faoi na gnáthrialacha – féach Imlitir 0009/2015.

## 7. Socruithe Araíonachta

7.1. Má ardaítear ceist faoi iompar nó feidhmíocht i scoil ghlactha nó i scoil lasmuigh den bhraisle ainmnithe, is féidir le bainistíocht na scoile atá i gceist é sin a láimhseáil go neamhfhoirmiúil leis an múinteoir painéal soláthair. Má shíltear, áfach, go bhfuil gá le próiseas araíonachta foirmeálta, beidh an fhreagracht ar an scoil bhunáite an próiseas araíonachta foirmeálta a fheidhmiú de réir Imlitreacha ábhartha na Roinne.

## 8. Socruithe Grinnfhiosrúcháin

8.1. Caithfidh gach scoil a dualgas reachtúla um ghrinnfhiosrúcháin a chomhlánú de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus Imlitreacha Roinne ábhartha.

## 9. Feidhmiú an Phainéal Soláthair

9.1. Nuair a bhíonn clúdach ionadaíochta de dhíth ar scoil ghlactha, caithfidh an scoil ghlactha dul i dteagmháil leis an scoil bhunáite, ag cur in iúl an fad gur dócha go mbeidh gá le clúdach.

9.2. Déanfaidh an scoil bhunáite múinteoir painéal soláthair a dháileadh ar an scoil ghlactha, tús freastail ar an gceann is túisce de ghnáth. Ba chóir, áfach, do scoileanna bunáite iarracht a dhéanamh múinteoirí painéal soláthair a dháileadh go cothrom idir na scoileanna glactha go léir sa bhraisle ainmnithe.

9.3. Ní féidir le scoil ghlactha sa bhraisle ainmnithe múinteoir lasmuigh den Scéim a fhostú ach má tharlaíonn:

a) Nach féidir leis an scoil bhunáite múinteoir painéal soláthair a dháileadh;

nó

b) Gur cosúil go mbeidh tréimhse na neamhláithreachta níos faide ná ceithre sheachtain.

9.4. Caithfidh an scoil ghlactha aon athruithe atá i gceist le fad na tréimhse neamhláithreachta a chur in iúl, ar an bpointe, don scoil bhunáite.

**10. Taifid**

10.1. Beidh ar scoileanna bunáite agus scoileanna glactha taifid leanúnacha faoi fheidhmiú na Scéime a choinneáil ar theimpléid thuairiscithe a chuirfidh an Roinn ar fáil.

10.2. Caithfear na taifid a chur ar fáil don Roinn, nó do thríú páirtí atá ag feidhmiú don Roinn, nuair a éilítear iad ar mhaithe le feidhmiú na scéime a athbhreithniú.

10.3. Beidh gá freisin taifid ón scoil bhunáite a chur isteach chuig Rannóg Phárolla na Roinne ag deireadh na scoilbhliana.

10.4. Ba chóir do gach scoil sa bhraisle ainmnithe a dheimhniú go bhfuil siad lán-chomhlíontach leis na treoirlínte reatha um chosaint sonraí agus RGSC nuair a bhíonn sonraí a bhaineann leis an scéim seo á dtaifead agus á bproiseáil.

**11. Fiosruithe**

11.1. Is cóir fiosruithe a sheoladh mar seo a leanas:

a) Maidir le leithdháileadh post nó athimlonnú múinteoirí, chuig **primaryallocations@education.gov.ie**

b) Maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta do Mhúinteoir ar an bPainéal Soláthair, chuig: **teachersna@education.gov.ie**

c) Maidir leis an scéim soláthair phíolótach seo, nó ceisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí i gcoitinne, chuig **teachersupply@education.gov.ie**

**Is féidir an imlitir seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.**

**Chris Kelly**
Príomhoifigeach
Polasaí Oideachas Múinteoirí (Soláthar Múinteoirí)

**Paraic Joyce**
Príomhoifigeach
Leithdháiltí Múinteoirí

**Alfie Barrett**
Príomhoifigeach
Téarmaí agus Coinníollacha do Mhúinteoirí agus CRS

**01 Meán Fómhair 2019**